Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/791

8.8.2025

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/791 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23 Aibreán 2025**

**lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na coinníollacha ginearálta maidir le feidhmiú na gcoláistí maoirseoirí, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/98 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 51(4), an dara fomhír, agus Airteagal 116(4), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Treoir 2013/36/AE rialacha maidir le cumhachtaí maoirseachta agus uirlisí le haghaidh maoirseacht stuamachta a dhéanann údaráis inniúla ar institiúidí creidmheasa. Is iad na coláistí maoirseoirí na modhanna trína ndéantar gníomhaíochtaí maoirseachta a chomhordú. De bhun Airteagal 116 de Threoir 2013/36/AE, bunóidh na maoirseoirí comhdhlúthacháin coláistí maoirseoirí chun cúraimí maoirseachta áirithe a éascú agus chun comhordú agus comhar iomchuí a áirithiú le húdaráis mhaoirseachta ábhartha tríú tír. Ina theannta sin, de bhun Airteagal 51(3) de Threoir 2013/36/AE, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla a mhaoirsíonn institiúid ag a bhfuil brainsí suntasacha i mBallstáit eile coláistí maoirseoirí a bhunú agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu i gcás nach infheidhme Airteagal 116 den Treoir sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/98 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos coinníollacha ginearálta maidir le feidhmiú na gcoláistí maoirseoirí atá le bunú i gcomhréir le hAirteagal 51(3) agus Airteagal 116 de Threoir 2013/36/AE. Tugadh isteach forálacha nua i dTreoir 2013/36/AE maidir le cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha áirithe a údarú, maidir le máthairghnóthais idirmheánacha de chuid an Aontais a bhunú agus maidir le coláistí le haghaidh grúpaí atá i gceannas san Aontas, a bhfuil fochuideachtaí dá gcuid bunaithe i dtríú tíortha. Ina theannta sin, baineadh gnólachtaí infheistíochta de raon feidhme Threoir 2013/36/AE toisc nach n-áirítear gnólachtaí infheistíochta a thuilleadh sa sainmhíniú ar an téarma institiúid, cé go bhfuil feidhm fós ag cuid d'fhorálacha Threoir 2013/36/AE maidir leo. Chun na leasuithe iolracha sin a chur san áireamh agus ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, is gá Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/98 a aisghairm agus a ionadú.

(3) Meastar gur gné ríthábhachtach í an mhapáil grúpa, lena sainaithneofaí na grúpeintitis san Aontas nó i dtríú tír agus lena dtabharfaí tuairisc i gcás gach grúpeintitis ar a chineál, a shuíomh, na húdaráis a bhíonn páirteach ina mhaoirseacht, na díolúintí stuamachta is infheidhme, a thábhacht don ghrúpa agus a thábhacht don tír ina bhfuil sé údaraithe nó bunaithe, chomh maith leis na critéir chun an tábhacht sin a chinneadh, chun comhaltaí an choláiste maoirseoirí agus breathnóirí ionchasacha a shainaithint. Sa chomhthéacs sin, tá faisnéis faoin tábhacht a bhaineann le brainse don ghrúpa agus faoin tábhacht a bhaineann leis an mbrainse sin don Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe fíor-riachtanach chun rannpháirtíocht údaráis inniúla an Bhallstáit sin i ngníomhaíochtaí coláiste a chinneadh. Tá faisnéis faoi chineál na ngrúpeintiteas, cibé acu institiúidí, brainsí nó eintitis earnála airgeadais eile, agus faoina dtír údaraithe nó bhunaíochta, cibé acu Ballstát nó tríú tír, tábhachtach freisin chun comhaltaí an choláiste maoirseoirí agus breathnóirí ionchasacha a shainaithint. Ionas go gcinnfear an tábhacht sin, ba cheart critéir áirithe a leagan amach.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/98 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2015 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun na coinníollacha ginearálta maidir le feidhmiú na gcoláistí maoirseoirí a shonrú (IO L 21, 28.1.2016, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/98/oj).

(4) I gcomhréir le hAirteagal 21b(2) de Threoir 2013/36/AE, féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúidí dhá mháthairghnóthas idirmheánacha de chuid an Aontais a bheith acu, lena mbunófar dhá choláiste maoirseoirí. I gcás ina bhfuil dhá choláiste maoirseoirí bunaithe, ní mór dlúthchomhar eatarthu a áirithiú. Chuige sin, ba cheart don mhaoirseoir comhdhlúthacháin nó do mhaoirseoir grúpa coláiste amháin a bheith rannpháirteach mar bhreathnóir sa choláiste eile.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 116(1a) de Threoir 2013/36/AE, tá an maoirseoir comhdhlúthacháin chun coláistí maoirseoirí a bhunú freisin i gcás ina mbeidh a gceannoifigí ag fochuideachtaí trasteorann uile de mháthairinstitiúid de chuid an Aontais nó de mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais de chuid an Aontais nó de chuid máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais i dtríú tíortha. Maidir le coláistí maoirseoirí a bhunaítear faoin Airteagal sin, is gá a áirithiú go n-iarrfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin ar na húdaráis tríú tír uile i gcás inarb ann d'fhochuideachtaí an ghrúpa chun bheith ina mbreathnóirí sa choláiste ábhartha maoirseoirí, toisc go mbeidh sé sin tábhachtach chun a dtábhacht a chinneadh agus chun bainistiú stuama riosca ar leibhéal mháthairghnóthas an Aontais a chumasú. Mar sin féin, i ngach coláiste maoirseoirí eile arna bhunú faoi Airteagal 116(1) de Threoir 2013/36/AE, níor cheart iarraidh ach ar údaráis tríú tír ina bhfuil an grúpa i láthair go suntasach chun bheith ina mbreathnóirí ar an gcoláiste maoirseoirí. Chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais maidir le rúndacht ghairmiúil a leagtar amach i ndlí an Aontais, i ngach cás, níor cheart cead a thabhairt d'údaráis tríú tír chun bheith ina mbreathnóirí ar choláistí maoirseoirí ach amháin má tá siad faoi réir ceanglais rúndachta atá coibhéiseach ar a laghad leo sin is infheidhme san Aontas.

(6) Chun feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an malartú faisnéise idir na húdaráis inniúla atá freagrach as an maoirseacht stuamachta agus údaráis eile a bhfuil baint acu le maoirseacht grúpa, agus chun comhroinnt faisnéise a áirithiú chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh, ba cheart don mhaoirseoir comhdhlúthacháin a iarraidh ar an údarás réitigh ar ghrúpleibhéal, ar phríomhmhaoirseoir an choláiste arna bhunú chun comhar a éascú idir údaráis AML/CFT ('coláiste AML/CFT'), ar údaráis mhaoirseachta tríú tíortha ina bhfuil institiúidí nó brainsí tábhachtacha bunaithe, ar údarás maoirseachta Ballstáit ina bhfuil an dara máthairghnóthas idirmheánach de chuid an Aontais bunaithe, agus ar chomhordaitheoir na hilchuideachta airgeadais, i gcás ina sainaithníonn an maoirseoir comhdhlúthacháin na húdaráis sin, a bheith ina mbreathnóirí sa choláiste maoirseoirí. Ba cheart don stádas breathnóra a chur ar a chumas don mhaoirseoir comhdhlúthacháin iarraidh ar na húdaráis sin freastal ar chruinnithe den choláiste maoirseoirí, i gcás ina bhfuil a láithreacht ábhartha agus clár oibre na gcruinnithe sin á mheas.

(7) Faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ([3]) tá an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) le faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na gcoláistí maoirseoirí agus comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a chothú maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), Threoir 2013/36/AE, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/98 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/99 ón gCoimisiún ([5]). Léiríodh i dtorthaí an fhaireacháin sin gur gá gnéithe áirithe de shocruithe oibríochtúla na gcoláistí maoirseoirí, lena n-áirítear malartú tráthrialta na dtáscairí luathrabhaidh, nó an comhar leis na húdaráis réitigh nó leis na húdaráis um chomhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (AML/CFT), a neartú tuilleadh go fóill. Dá bhrí sin, is gá feabhas a chur ar ról na gcoláistí maoirseoirí mar uirlis chun faisnéis a mhalartú i measc a gcomhaltaí agus chun comhar agus comhordú a dhéanamh le breathnóirí, lena n-áirítear coláistí earnála eile.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/99 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le feidhmiú oibríochtúil na gcoláistí maoirseoirí a chinneadh de réir Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 21, 28.1.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/99/oj).

(8) Chun éifeachtúlacht na gcoláistí maoirseoirí a neartú, ba cheart gach réimse de shaothar an choláiste a chumhdach leis na socruithe comhordúcháin agus comhair i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 115 de Threoir 2013/36/AE. Ba cheart a chumhdach freisin leis na socruithe scríofa socruithe idir roinnt comhaltaí coláiste a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí sonracha coláiste, amhail iad siúd a dhéantar trí fhostruchtúir shonracha den choláiste. Ba cheart a áireamh freisin leis na socruithe scríofa gnéithe oibríochtúla de shaothar an choláiste, óir is fíor-riachtanach iad na gnéithe sin chun feidhmiú an choláiste maoirseoirí a éascú i staideanna gnóthais leantaigh agus le linn staideanna éigeandála araon. Ós rud é go bhfuil sé fíor-riachtanach comhar a áirithiú laistigh den choláiste sula ndéantar ionchur a sholáthar le haghaidh saincheisteanna réitigh grúpa agus ar mhaithe lena soláthar, ba cheart foráil a dhéanamh maidir sna socruithe scríofa maidir leis na próisis chun an t-ionchur ábhartha a chomhordú chomh maith le freagrachtaí agus ról an mhaoirseora comhdhlúthacháin chun an t-ionchur sin a chur in iúl don choláiste réitigh tríd an údarás réitigh ar ghrúpleibhéal mar ([6]) a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (44), de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ar deireadh, ba cheart na socruithe scríofa a bheith cuimsitheach, comhleanúnach agus uileghabhálach; agus ba cheart dóibh bunús oiriúnach iomchuí a sholáthar do na húdaráis inniúla chun a ndualgais agus a gcúraimí ábhartha a chomhlíonadh laistigh den choláiste maoirseoirí, seachas lasmuigh de.

(9) Ba cheart do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí raon feidhme agus leibhéal rannpháirtíochta na mbreathnóirí, más ann dóibh, sa choláiste maoirseoirí a phlé agus a chomhaontú. Chun feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an malartú faisnéise leis na breathnóirí, lena n-áirítear leis an údarás réitigh ar ghrúpleibhéal agus le príomh-mhaoirseoir AML/CFT i gcás inarb ábhartha, ba cheart, leis na socruithe comhordúcháin agus comhair i scríbhinn, an creat a bhunú le haghaidh comhar agus faisnéis atá le malartú le gach duine de na breathnóirí sin. Ba cheart do na socruithe scríofa freisin comhaontuithe a chumhdach idir comhaltaí an choláiste maoirseoirí a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí sonracha an choláiste, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a dhéantar trí fhostruchtúir shonracha an choláiste maoirseoirí.

(10) Chun gníomhaíochtaí uile an choláiste a dhéanamh, ba cheart don mhaoirseoir comhdhlúthacháin agus do chomhaltaí eile an choláiste forléargas a bheith acu de na gníomhaíochtaí a dhéanann na grúpeintitis uile, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais gan a bheith cáilithe mar institiúidí agus iad siúd a oibríonn lasmuigh den Aontas. Maidir leis an idirghníomhaíocht idir an maoirseoir comhdhlúthacháin, comhaltaí coláiste, údaráis mhaoirseachta tríú tír, údaráis phoiblí nó comhlachtaí poiblí atá freagrach as maoirseacht grúpeintiteas nó atá bainteach leis, lena n-áirítear údaráis atá freagrach as maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar eintitis earnála airgeadais an ghrúpa nó údaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar mhargaí in ionstraimí airgeadais, as cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun airgead a sciúradh agus sceimhlitheoireacht a mhaoiniú, nó as cosaint tomhaltóirí, ba cheart í a chur chun cinn trí chead a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta tríú tír sin agus do na húdaráis phoiblí nó do na comhlachtaí poiblí tríú tír sin a bheith rannpháirteach in obair choláiste mar bhreathnóirí, de réir mar is iomchuí.

(11) Chun sainaithint comharthaí luathrabhaidh, rioscaí agus leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann don ghrúpa agus dá eintitis a éascú, lena n-áirítear aon teagmhas éifeachta ábhartha díobhálaí ar phróifíl riosca an ghrúpa nó a eintiteas agus forchur beart luath-idirghabhála; nó i gcás an chórais ina n-oibríonn an grúpa agus a eintitis, agus i gcás staideanna éigeandála, ba cheart feabhas a chur ar mhalartú faisnéise i gcoláistí maoirseoirí.

(12) Ba cheart do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí a bhíonn páirteach i gcomhlíonadh na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 113 de Threoir 2013/36/AE úsáid a bhaint as an gcoláiste maoirseoirí mar an príomhardán le haghaidh malartú faisnéise maidir leis an measúnú ar phríomhghnéithe den phróiseas athbhreithnithe maoirseachta agus meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 97 den Treoir sin, i gcás ina bhfuil grúpa trasteorann i gceist, á aithint an tráth céanna go bhféadfar an próiseas athbhreithnithe maoirseachta agus meastóireachta maoirseachta a dhéanamh ar bhealach éagsúil ar fud na mBallstát de réir thrasuí rialacha sin an Aontais sa reachtaíocht náisiúnta, agus na treoirlínte arna n-eisiúint ag ÚBE faoi Airteagal 107(3) de Threoir 2013/36/AE á gcur san áireamh freisin.

([6]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh institiúidí creidmheasa agus comhlachtaí infheistíochta a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE agus 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/59/oj).

(13) Chun comhar a éascú idir údaráis inniúla agus chun comhordú a dhéanamh ar aon chinneadh lena mbeartaítear aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas ag institiúid maidir le cineálacha cur chuige a dteastaíonn cead ó údaráis inniúla ina leith sula n-úsáidfear iad chun ceanglais cistí dílse a ríomh (úsáid a bhaint as samhlacha inmheánacha le haghaidh riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca contrapháirtí agus riosca oibriúcháin), ba cheart na coinníollacha comhair idir an maoirseoir comhdhlúthacháin agus na húdaráis inniúla ábhartha a shonrú chun faisnéis a mhalartú maidir le comhlíonadh na gcineálacha cur chuige inmheánach sin, agus chun plé a dhéanamh agus teacht ar chomhaontú maidir le bearta chun aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí arna sainaithint.

(14) Chun comhar laistigh den choláiste maoirseoirí a chur chun cinn agus chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht mhaoirseacht an ghrúpa a mhéadú, ba cheart don mhaoirseoir comhdhlúthacháin agus do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí plé a dhéanamh, agus ar bhonn deonach, teacht ar chomhaontú maidir le cúraimí a chur ar iontaoibh agus freagrachtaí a tharmligean, i gcás inarb ábhartha.

(15) Ba cheart do gach coláiste maoirseoirí cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis atá le malartú agus le tabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil agus ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a liostú sna socruithe comhordúcháin agus comhair i scríbhinn. Chun feabhas a chur ar inniúlacht an choláiste maoirseoirí rioscaí agus leochaileachtaí atá ag dul i méid a shainaithint, ba cheart do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí agus, i gcás inarb ábhartha, do bhreathnóirí faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil a mhalartú go tráthrialta. Thairis sin, ba cheart foráil a dhéanamh sna socruithe comhordúcháin agus comhair i scríbhinn maidir leis an nós imeachta chun an t-ionchur ábhartha a chomhordú, agus maidir le freagrachtaí agus ról an mhaoirseora comhdhlúthacháin i dtaca leis an ionchur sin a chur in iúl do bhreathnóirí. Chun a áirithiú go gcuirfear an malartú faisnéise i ngníomh idir na maoirseoirí comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí i gcás ina mbeidh tionchar ag teagmhas éifeachta díobhálaí ábhartha ar an ngrúpa nó ar a eintitis, ba cheart don mhaoirseoir comhdhlúthacháin agus do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí príomh-shaintréithe an teagmhais sin a shonrú sna socruithe comhordúcháin agus comhair i scríbhinn, agus sainiúlachtaí an ghrúpa á gcur san áireamh, agus ba cheart dóibh teacht ar chomhaontú maidir leis an bhfaisnéis atá le malartú, i gcás ina dtiocfaidh an teagmhas éifeachta díobhálaí sin chun cinn.

(16) Chun bailiú agus comhroinnt na faisnéise ábhartha laistigh den choláiste maoirseoirí a éascú, ba cheart do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí an fhaisnéis uile is gá a mhalartú chun feidhmiú chúraimí an choláiste maoirseoirí dá dtagraítear in Airteagail 112 agus 113 de Threoir 2013/36/AE a éascú. Chun na críche céanna, ba cheart don mhaoirseoir comhdhlúthacháin faisnéis a fhaightear ón gcoláiste arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 119(1) de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [7], a chomhroinnt le comhaltaí an choláiste maoirseoirí, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha maidir le comhlíonadh na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 112 de Threoir 2013/36/AE, go háirithe maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta a phleanáil agus a chomhordú agus maidir leis na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 113 den Treoir sin, go háirithe maidir leis an measúnú riosca grúpa a dhéanamh agus cinntí comhpháirteacha a dhéanamh.

(17) Ba cheart do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú chun ullmhú le haghaidh staideanna éigeandála agus le linn staideanna éigeandála, lena n-áirítear forbairtí diúltacha a d'fhéadfadh feidhmiú ordúil agus sláine na margaí airgeadais nó cobhsaíocht chuid de chóras airgeadais an Aontais nó cobhsaíocht an chórais ina iomláine a chur i mbaol go tromchúiseach, nó staideanna eile a dhéanann difear do staid airgeadais agus eacnamaíocha grúpa gnólachtaí infheistíochta nó aon cheann dá eintitis, nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dóibh sin. Dá bhrí sin, maidir le gníomhaíochtaí na n-údarás inniúil a phleanáil agus a chomhordú chun ullmhú le haghaidh staideanna éigeandála agus le linn staideanna éigeandála, ba cheart a áireamh iontu, ach gan a bheith teoranta dóibh, na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bhforálacha ábhartha Threoir 2014/59/AE, go háirithegníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh pleanáil téarnaimh an ghrúpa a chomhordú agus ionchur comhordaithe a sholáthar do na húdaráis réitigh, i gcás inar gá, chun ullmhú le haghaidh staideanna éigeandála agus le linn staideanna éigeandála.

(18) Agus iad ag déileáil le staid éigeandála, ba cheart do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí, faoi chomhordú an mhaoirseora comhdhlúthacháin, measúnú maoirseachta comhordaithe ar an gcás a fhorbairt, teacht ar chomhaontú maidir le freagairt mhaoirseachta chomhordaithe agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme a bhfreagartha chun a áirithiú go ndéanfar measúnú cuí ar an staid éigeandála agus go dtabharfar aghaidh uirthi mar is ceart. Ba cheart do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí a áirithiú freisin go ndéanfar aon chumarsáid sheachtrach ar bhealach comhordaithe agus go gcumhdófar gnéithe a chomhaontaítear *ex ante* idir comhaltaí an choláiste.

[7] Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj).

(19) I bhfianaise na leasuithe éagsúla atá le déanamh, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/98 a aisghairm agus a ionadú ar mhaithe le soiléireacht. Dá bhrí sin, ba cheart tagairtí do Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/98 sin a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

(20) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ÚBE a bhunaítear an Rialachán seo.

(21) Rinne ÚBE comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

### Sainmhíniú

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

— ciallaíonn 'údarás AML/CFT' údarás a gcuirtear de chúram air an dualgas poiblí maidir le comhlíonadh Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a áirithiú ([8]);

— ciallaíonn 'maoirseoir grúpa' maoirseoir grúpa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (15), de Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ([9])

CAIBIDIL 2

## BUNÚ AGUS FEIDHMIÚ COLÁISTÍ MAOIRSEOIRÍ DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 116 DE THREOIR 2013/36/AE

Roinn 1

### Bunú agus feidhmiú coláistí maoirseoirí

*Airteagal 2*

### Mapáil grúpa institiúidí

1. Déanfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin grúpa institiúidí a mhapáil i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790 ón gCoimisiún ([10]) chun na grúpeintitis agus na brainsí seo a leanas a shainaithint:

(a) institiúidí agus brainsí a bunaíodh i mBallstát, lena n-áirítear cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha a formheasadh i gcomhréir le hAirteagal 21a de Threoir 2013/36/AE;

([8]) Treoir (AE) 2015/849/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj).

([9]) Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/2034/oj).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2025 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le feidhmiú oibríochtúil na gcoláistí maoirseoirí (IO L, 2025/790, 8.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/790/oj).

(b) eintitis earnála airgeadais atá údaraithe i mBallstát;

(c) institiúidí agus brainsí atá bunaithe i dtríú tír.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (a), léireofar an fhaisnéis seo a leanas sa mhapáil:

(a) an Ballstát ina bhfuil an institiúid nó an brainse bunaithe;

(b) an t-údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an institiúid nó ar an údarás inniúil de chuid an Bhallstáit óstaigh ina bhfuil an brainse bunaithe, agus údaráis eile earnáil airgeadais an Bhallstáit sin, lena n-áirítear údaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar mhargaí ionstraimí airgeadais, as an gcosc ar úsáid an chórais airgeadais chun airgead a sciúradh nó sceimhlitheoirí a mhaoiniú, agus chun tomhaltóirí a chosaint;

(c) cé acu atá nó nach bhfuil an institiúid faoi réir maoirseacht stuamachta ar bhonn aonair nó ar tugadh tarscaoileadh don institiúid ó chur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar amach i gCuid a Dó go Cuid a hOcht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar bhonn aonair de bhun Airteagail 7, 8, nó 10 den Rialachán sin;

(d) tábhacht na hinstitiúide don Bhallstát ina bhfuil an institiúid údaraithe agus na critéir a úsáideann na húdaráis inniúla chun an tábhacht sin a chinneadh, go háirithe:

(i) méid na hinstitiúide i gcoibhneas leis an margadh áitiúil i dtéarmaí iomlán na sócmhainní agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe;

(ii) cé acu a sáraíonn nó nach sáraíonn an sciar den mhargadh atá ag an institiúid i dtéarmaí taiscí 2 % sa Bhallstát ina bhfuil an institiúid údaraithe;

(iii) an tionchar is dócha a bheidh ag fionraí nó dúnadh oibríochtaí na hinstitiúide ar leachtacht shistéamach agus ar na córais íocaíochta, imréitigh agus socraíochta sa Bhallstát ina bhfuil an institiúid sin údaraithe;

(iv) toradh an mheasúnaithe ar thábhacht shistéamach faoi Airteagal 131(3) de Threoir 2013/36/AE; agus faisnéis faoi thábhacht na hinstitiúide sin don ghrúpa, ar choinníoll go sáraíonn méid iomlán shócmhainní agus ítimí lasmuigh de chlár comhardaithe na hinstitiúide sin 1 % d'iomlán na sócmhainní agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe atá ag an ngrúpa ar bhonn comhdhlúite;

(e) tábhacht an bhrainse don Bhallstát ina bhfuil an brainse sin bunaithe, go háirithe:

(i) cé acu a mheastar nó nach meastar an brainse a bheith suntasach i gcomhréir le hAirteagal 51 de Threoir 2013/36/AE;

(ii) faisnéis maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an mbrainse sin don ghrúpa, ar choinníoll gur mó méid iomlán na sócmhainní agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe atá ag an mbrainse sin ná 1 % d'iomlán na sócmhainní agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe atá ag an ngrúpa ar bhonn comhdhlúite.

3. Chun críocha mhír 1, pointí (b) agus (c), léireofar an fhaisnéis seo a leanas sa mhapáil:

(a) an Ballstát ina bhfuil an t-eintiteas earnála airgeadais bunaithe nó an tríú tír ina bhfuil an institiúid nó an brainse bunaithe;

(b) an t-údarás atá freagrach as maoirseacht an eintitis earnála airgeadais, na hinstitiúide nó an bhrainse sin nó atá bainteach leis an maoirseacht sin;

(c) faisnéis faoi thábhacht an eintitis earnála airgeadais, na hinstitiúide nó an bhrainse don ghrúpa, ar choinníoll gur mó ná 1 % d'iomlán na sócmhainní agus n-ítimí iomlána lasmuigh den chlár comhardaithe atá ag an ngrúpa ar bhonn comhdhlúite méid iomlán na sócmhainní agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe atá ag an eintiteas earnála airgeadais, ag an institiúid nó ag an mbrainse sin.

4. Léireofar an méid seo a leanas i mapáil an ghrúpa institiúidí:

(a) i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 116(1a) de Threoir 2013/36/AE, cé acu atá nó nach bhfuil ceannoifigí na bhfochuideachtaí trasteorann uile de chuid máthairinstitiúide an Aontais nó de chuid máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais an Aontais nó de chuid máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha an Aontais údaraithe i dtríú tíortha;

(b) i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 21b de Threoir 2013/36/AE, cé acu ar bunaíodh máthairghnóthas idirmheánach amháin nó dhá mháthairghnóthas idirmheánacha de chuid an Aontais san Aontas.

*Airteagal 3*

**Comhaltaí agus breathnóirí coláiste maoirseoirí**

1. Iarrfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin ar na húdaráis seo a leanas a bheith ina gcomhaltaí den choláiste maoirseoirí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790:

(a) na húdaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí ar fochuideachtaí iad de mháthairinstitiúid de chuid an Aontais agus údaráis inniúla na mBallstát óstach ina bhfuil brainsí suntasacha dá dtagraítear in Airteagal 51 de Threoir 2013/36/AE bunaithe;

(b) bainc cheannais CEBC de chuid na mBallstát atá rannpháirteach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i maoirseacht stuamachta na n-eintiteas dlítheanach dá dtagraítear i bpointe (a), ach nach údaráis inniúla iad;

(c) ÚBE.

2. Iarrfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin ar na húdaráis seo a leanas a bheith ina mbreathnóirí ar an gcoláiste maoirseoirí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790:

(a) maidir leis na coláistí maoirseoirí dá dtagraítear in Airteagal 116(1) de Threoir 2013/36/AE, údaráis mhaoirseachta tríú tíortha ina bhfuil institiúidí nó brainsí a mheastar a bheith tábhachtach don ghrúpa bunaithe mar a leagtar amach in Airteagal 2(3), pointe (c), den Rialachán seo, ar choinníoll go bhfuil údaráis mhaoirseachta na dtríú tíortha sin faoi réir na gceanglas rúndachta a leagtar síos in Airteagal 116 de Threoir 2013/36/AE;

(b) maidir leis na coláistí maoirseoirí dá dtagraítear in Airteagal 116(1a) de Threoir 2013/36/AE, údaráis mhaoirseachta tríú tíortha ina bhfuil institiúidí údaraithe, nó brainsí, a mheastar a bheith tábhachtach, mar a leagtar amach in Airteagal 2(3), pointe (c), den Rialachán seo, ar choinníoll go bhfuil údaráis mhaoirseachta tríú tíortha faoi réir na gceanglas rúndachta a leagtar síos in Airteagal 116 de Threoir 2013/36/AE;

(c) an t-údarás réitigh ar ghrúpleibhéal;

(d) príomh-mhaoirseoir an choláiste a bunaíodh chun comhar a éascú idir údaráis AML/CFT (coláiste AML/CFT);

(e) i gcás inar bunaíodh an dara máthairghnóthas idirmheánach de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 21b(3), an dara fomhír, de Threoir 2013/36/AE, maoirseoir comhdhlúthacháin an dara coláiste maoirseoirí arna bhunú i ndáil leis an dara máthairghnóthas idirmheánach sin de chuid an Aontais faoi Airteagal 116 de Threoir 2013/36/AE nó maoirseoir an ghrúpa faoi Airteagal 48 de Threoir (AE) 2019/2034;

(f) i gcás ilchuideachta airgeadais, an comhordaitheoir dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Threoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [11], murab ionann é agus an maoirseoir comhdhlúthacháin.

[11] Treoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le maoirseacht fhorlíontach ar institiúidí creidmheasa, ar ghnóthais árachais agus ar ghnólachtaí infheistíochta in ilchuideachta airgeadais agus lena leasaítear Treoir 73/239/CEE, Treoir 79/267/CEE, Treoir 92/49/CEE, Treoir 92/96/CEE, Treoir 93/6/CEE agus Treoir 93/22/CEE ón gComhairle, agus Treoir 98/78/CE agus Treoir 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 35, 11.2.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/87/oj).

3. Féadfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin iarraidh ar na húdaráis seo a leanas a bheith ina mbreathnóirí ar an gcoláiste maoirseoirí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790:

(a) údaráis inniúla na mBallstát óstach ina bhfuil brainsí neamhshuntasacha bunaithe;

(b) údaráis mhaoirseachta tríú tíortha ina bhfuil institiúidí nó brainsí bunaithe, seachas na húdaráis dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b);

(c) na húdaráis phoiblí nó na comhlachtaí poiblí i mBallstát atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghrúpeintiteas nó ar bhrainse nó atá bainteach leis, ar choinníoll gur ghlac údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh chéanna le bheith ina chomhalta nó ina bhreathnóir den choláiste maoirseoirí, lena n-áirítear na húdaráis seo a leanas:

(i) údarás AML/CFT na mBallstát óstach;

(ii) na húdaráis atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar mhargaí in ionstraimí airgeadais;

(iii) na húdaráis atá freagrach as cosaint tomhaltóirí;

(iv) na húdaráis atá freagrach as maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar eintitis earnála airgeadais an ghrúpa;

(d) údaráis réitigh na mBallstát óstach, ar choinníoll gur ghlac údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh chéanna le bheith ina chomhalta nó ina bhreathnóir den choláiste maoirseoirí.

*Airteagal 4*

**Cumarsáid maidir le bunú agus comhdhéanamh coláiste maoirseoirí**

Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin in iúl don mháthairghnóthas de chuid an Aontais den ghrúpa bunú coláiste maoirseoirí, céannacht a chomhaltaí agus a bhreathnóirí, agus aon athrú ar chomhdhéanamh an choláiste sin.

*Airteagal 5*

**Socruithe scríofa maidir le comhordú agus comhar**

Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad san áireamh sna socruithe comhordúcháin agus comhair i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 115 de Threoir 2013/36/AE:

(a) faisnéis faoi struchtúr foriomlán an ghrúpa lena mbaineann, lena gcumhdaítear na grúpeintitis agus na brainsí uile;

(b) sainaithint chomhaltaí agus bhreathnóirí an choláiste maoirseoirí;

(c) téarmaí rannpháirtíochta na mbreathnóirí sa choláiste maoirseoirí dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus (3) agus ag féachaint d'Airteagal 17, lena n-áirítear:

(i) rannpháirtíocht na mbreathnóirí i gcruinnithe agus i ngníomhaíochtaí an choláiste maoirseoirí, agus i staideanna éigeandála;

(ii) cearta agus oibleagáidí na mbreathnóirí maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le malartú agus an nós imeachta ábhartha chun faisnéis a mhalartú idir an maoirseoir comhdhlúthacháin agus na breathnóirí;

(iii) an fhaisnéis a fhaightear ó na breathnóirí a sholáthar do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí;

(d) na socruithe le haghaidh malartú faisnéise lena n-áirítear raon feidhme na faisnéise, minicíocht an mhalartaithe agus bealaí slána cumarsáide;

(e) na socruithe maidir le déileáil le faisnéis rúnda;

(f) na socruithe maidir le cúraimí a chur ar iontaoibh agus freagrachtaí a tharmligean, i gcás inarb ábhartha;

(g) tuairisc ar aon fhostruchtúr de chuid an choláiste maoirseoirí;

(h) na socruithe chun gníomhaíochtaí maoirseachta a phleanáil agus a chomhordú i staideanna gnóthais leantaigh;

(i) na socruithe chun gníomhaíochtaí maoirseachta a phleanáil agus a chomhordú chun ullmhú le haghaidh staideanna éigeandála agus le linn staideanna éigeandála, lena n-áirítear an phleanáil theagmhasach, uirlisí agus nósanna imeachta cumarsáide;

(j) beartas cumarsáide an mhaoirseora comhdhlúthacháin agus chomhaltaí an choláiste maoirseoirí leis an máthairghnóthas de chuid an Aontais agus leis grúpeintitis nó brainsí suntasacha;

(k) nósanna imeachta comhaontaithe agus sprioc-amanna chun doiciméid le haghaidh chruinnithe an choláiste maoirseoirí a scaipeadh;

(l) aon chomhaontú eile idir comhaltaí an choláiste maoirseoirí, lena n-áirítear táscairí comhaontaithe chun na comharthaí luathrabhaidh, na rioscaí agus na leochaileachtaí d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint;

(m) na socruithe chun ionchur a sholáthar don mhaoirseoir comhdhlúthacháin i gcomhréir le hAirteagail 12, 13, 16, 18, 45h, 91 agus 92 de Threoir 2014/59/AE, lena n-áirítear chun críocha an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear sna hAirteagail sin;

(n) tuairisc ar ról an mhaoirseora comhdhlúthacháin go háirithe maidir le comhordú a dhéanamh ar sholáthar an ionchuir dá dtagraítear i bpointe (m) tríd an údarás réitigh ar ghrúpleibhéal don choláiste réitigh ábhartha;

(o) na socruithe don staid ina gcuireann comhalta nó breathnóir deireadh lena rannpháirtíocht sa choláiste maoirseoirí;

(p) saintréithe teagmhais éifeachta díobhálaí ábhartha ar phróifíl riosca an ghrúpa agus a eintiteas, agus sainiúlachtaí an ghrúpa á gcur san áireamh, agus an fhaisnéis atá le malartú, mar a chomhaontaigh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí, i gcás teagmhas den sórt sin.

*Airteagal 6*

**Rannpháirtíocht i gcruinnithe agus i ngníomhaíochtaí coláistí maoirseoirí**

1. Le linn do chinneadh a bheith á dhéanamh maidir leis na húdaráis a ghlacfaidh páirt i gcruinniú nó i ngníomhaíocht de chuid an choláiste maoirseoirí i gcomhréir le hAirteagal 116(7) de Threoir 2013/36/AE, cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin an méid seo a leanas san áireamh:

(a) na hábhair a bheidh le plé, na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh, agus cuspóirí an chruinnithe nó na gníomhaíochta, go háirithe maidir lena n-ábharthacht do gach grúpeintiteas agus do chomhlíonadh chúraimí na mbreathnóirí;

(b) tábhacht an ghrúpeintitis don Bhallstát ina bhfuil an grúpeintiteas bunaithe, agus a thábhachtaí atá sé don ghrúpa.

2. Ní fhéadfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin iarraidh ar bhreathnóirí an choláiste maoirseoirí féachaint ach amháin ar na míreanna sonracha sin ar chlár oibre cruinnithe nó gníomhaíochta atá ábhartha chun cúraimí an bhreathnóra a chomhlíonadh.

3. Áiritheoidh maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí, ar bhonn na n-ábhar a phléitear agus na gcuspóirí a shaothraítear, gurb iad na hionadaithe is iomchuí iad a bhíonn rannpháirteach sna cruinnithe nó gníomhaíochtaí de chuid an choláiste maoirseoirí. Beidh sé de chumhacht ag na hionadaithe sin a n-údaráis a thiomnú mar chomhaltaí den choláiste maoirseoirí, a mhéid is féidir, le haghaidh na gcinntí atá beartaithe do na cruinnithe nó do na gníomhaíochtaí.

4. Féadfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin, bunaithe ar thopaicí agus ar chuspóirí an chruinnithe nó na gníomhaíochta, iarraidh ar ionadaithe grúpeintiteas páirt a ghlacadh i gcruinniú nó i ngníomhaíocht de chuid an choláiste maoirseoirí.

*Airteagal 7*

**Cúraimí a chur ar iontaoibh agus freagrachtaí a tharmligean**

1. Agus clár scrúdúcháin an choláiste maoirseoirí dá dtagraítear in Airteagal 16 den Rialachán seo á bhunú agus á thabhairt cothrom le dáta, malartóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí tuairimí maidir leis an bhféidearthacht cúraimí a chur ar iontaoibh agus freagrachtaí a tharmligean. Ar an mbonn sin, breithneoidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí comhaontú a thabhairt i gcrích, ar bhonn deonach, maidir le cúraimí a chur ar iontaoibh, lena n-áirítear maidir le haon tarmligean freagrachtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, de bhun Airteagal 116(1), pointe (b), de Threoir 2013/36/AE, má mheastar go mbeidh maoirseacht níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ar an ngrúpa mar thoradh ar an gcur ar iontaoibh nó ar an tarmligean sin, go háirithe trí dhúblálacha ceanglas maoirseachta nach bhfuil gá leo a bhaint, lena n-áirítear ceanglais i ndáil le hiarrataí ar fhaisnéis.

2. Tabharfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin fógra do mháthairghnóthas an Aontais faoi thabhairt i gcrích comhaontaithe maidir le cúraimí a chur ar iontaoibh nó freagrachtaí a tharmligean, agus tabharfaidh an t-údarás inniúil a chuireann a chúraimí ar iontaoibh na hinstitiúide lena mbaineann nó a tharmligeann a fhreagrachtaí fógra faoi sin di.

3. I gcás nach féidir teacht ar chomhaontú idir an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí maidir le cúraimí a chur ar iontaoibh nó freagrachtaí a tharmligean, cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin ÚBE ar an eolas dá réir sin.

*Airteagal 8*

**Malartú faisnéise idir comhaltaí an choláiste maoirseoirí agus grúpa institiúidí**

1. Beidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus gach comhalta den choláiste maoirseoirí freagrach as faisnéis a chur in iúl do na hinstitiúidí agus do na brainsí atá faoina sainchúram maoirseachta agus as faisnéis a iarraidh orthu.

2. An maoirseoir comhdhlúthacháin nó comhalta den choláiste maoirseoirí a bhfuil sé beartaithe aige, go heisceachtúil, faisnéis a chur in iúl d'institiúid nó do bhrainse atá lasmuigh dá shainchúram maoirseachta, nó faisnéis a iarraidh ar cheann díobh sin, cuirfidh sé an comhalta den choláiste maoirseoirí atá freagrach as an institiúid nó as an mbrainse sin ar an eolas faoi roimh ré.

## Roinn 2

## Pleanáil agus comhordú gníomhaíochtaí maoirseachta i staideanna gnóthais leantaigh

*Airteagal 9*

**Malartú faisnéise idir an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí**

1. Malartóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí gach faisnéis is gá chun feidhmiú a bhfeidhmeanna agus a ndualgas a éascú, lena n-áirítear na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 112 agus 113 de Threoir 2013/36/AE, faoi réir na gceanglas rúndachta a leagtar síos i Roinn II de Chaibidil 1 i dTeideal VII den Treoir sin, agus i gcás inarb infheidhme, in Airteagail 76 agus 81 de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]).

2. Malartóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí gach faisnéis is gá chun feidhmiú na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2014/59/AE a éascú.

([12]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

3. Malartóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, cibé acu ó ghrúpeintiteas, ó údarás inniúil, ó údarás maoirseachta nó ó aon fhoinse eile a fuarthas í, agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790. Beidh an fhaisnéis sin leordhóthanach, cruinn agus tráthúil.

4. Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin an méid seo a leanas in iúl do chomhaltaí an choláiste:

(a) ainm na scéime ráthaíochta taiscí lena mbaineann an institiúid, agus a brainsí, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]);

(b) cumhdach uasta na scéime ráthaíochta taiscí in aghaidh an taisceora incháilithe;

(c) raon feidhme an chumhdaigh agus na cineálacha taiscí arna gcumhdach;

(d) aon eisiamh ón gcumhdach, lena n-áirítear táirgí agus cineálacha taisceoirí;

(e) socruithe cistiúcháin na scéime ráthaíochta taiscí, go háirithe cé acu *ex ante* nó *ex post* a chistítear an scéim agus méid na scéime ráthaíochta taiscí;

(f) sonraí teagmhála riarthóir na scéime ráthaíochta taiscí.

5. Soláthróidh comhaltaí an choláiste maoirseoirí a dhéanann maoirseacht ar bhrainsí suntasacha faisnéis don mhaoirseoir comhdhlúthacháin maidir le haon bhacainn ar aistriú airgid agus comhthaobhachta chuig an mbrainse sin nó uaidh.

6. I gcás ina mbeidh athrú ar an bhfaisnéis a sholáthraítear i gcomhréir leis an Airteagal seo, malartóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí faisnéis a bheidh tugtha cothrom le dáta gan moill mhíchuí.

*Airteagal 10*

**Malartú faisnéise maidir le toradh an athbhreithnithe agus na meastóireachta maoirseachta chun measúnuithe riosca grúpa a dhéanamh agus teacht ar chinntí comhpháirteacha**

1. Chun cinntí comhpháirteacha a dhéanamh maidir le ceanglais stuamachta institiúidsonracha dá dtagraítear in Airteagal 113 de Threoir 2013/36/AE, malartóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí ábhartha an choláiste maoirseoirí an fhaisnéis uile is gá, ar leibhéal aonair agus ar leibhéal comhdhlúite araon, gan moill mhíchuí.

2. Malartóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí faisnéis maidir le torthaí an athbhreithnithe agus na meastóireachta maoirseachta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 97 de Threoir 2013/36/AE. Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis sin:

(a) anailís ar shamhail ghnó, lena n-áirítear an measúnú ar inmharthanacht na samhla gnó reatha agus ar inbhuanaitheacht straitéis réamhbhreathnaitheach ghnó na hinstitiúide;

(b) socruithe rialachais inmheánaigh agus rialuithe ar fud na hinstitiúide;

(c) riosca aonair do chaipiteal na hinstitiúide, lena gcumhdaítear an méid seo a leanas:

 (i) rioscaí bunúsacha aonair;

 (ii) bainistíocht riosca agus rialuithe;

(d) measúnú ar leordhóthanacht caipitil agus measúnú ar an riosca maidir le giaráil iomarcach, lena n-áirítear cistí dílse breise atá beartaithe a cheanglaítear de bhun Airteagal 104(1), pointe (a), de Threoir 2013/36/AE;

(e) rioscaí do leachtacht agus do chistiú na hinstitiúide, lena gcumhdaítear an méid seo a leanas:

 (i) riosca leachtachta agus riosca cistiúcháin;

 (ii) bainistiú rioscaí leachtachta agus cistiúcháin;

([13]) Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/49/oj).

(f) measúnú ar leordhóthanacht leachtachta, lena n-áirítear na bearta leachtachta cainníochtúla agus cáilíochtúla atá beartaithe de bhun Airteagal 105 de Threoir 2013/36/AE;

(g) bearta maoirseachta eile, lena n-áirítear bearta maoirseachta de bhun Airteagal 102 de Threoir 2013/36/AE, nó bearta luath-idirghabhála a rinneadh nó atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na neamhéifeachtúlachtaí a sainaithníodh mar thoradh ar an athbhreithniú maoirseachta agus ar an meastóireacht mhaoirseachta;

(h) torthaí na dtástálacha struis maoirseachta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 100 de Threoir 2013/36/AE, lena n-áirítear leordhóthanacht caipitil i ndálaí struis agus aon treoraíocht atá beartaithe maidir le cistí dílse breise i gcomhréir le hAirteagal 104b de Threoir 2013/36/AE;

(i) torthaí ó chigireachtaí ar an láthair agus ó fhaireachán lasmuigh den láthair arb ábhartha iad don mheasúnú ar phróifíl riosca an ghrúpa nó aon cheann dá eintitis.

*Airteagal 11*

**Malartú faisnéise maidir leis an athbhreithniú leanúnach ar an gcead chun cineálacha cur chuige inmheánacha agus síntí nó athruithe neamhábhartha ar shamhlacha inmheánacha a úsáid**

1. Déanfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí ábhartha an choláiste maoirseoirí a dhéanann maoirseacht ar institiúidí ar tugadh cead dóibh cineálacha cur chuige inmheánacha a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 143(1), Airteagal 151(4) nó (9), Airteagal 283, Airteagal 312(2), nó Airteagal 363 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, an fhaisnéis ábhartha uile a mhalartú maidir le toradh an athbhreithnithe leanúnaigh ar chead chun cineálacha cur chuige inmheánacha a úsáid dá dtagraítear in Airteagal 101 de Threoir 2013/36/AE.

2. I gcás inar shainaithin an maoirseoir comhdhlúthacháin nó aon chomhalta ábhartha den choláiste maoirseoirí dá dtagraítear i mír 1 nach gcomhlíonann institiúid atá bunaithe i mBallstát, lena n-áirítear máthairghnóthas an Aontais, na ceanglais a thuilleadh maidir le cur chuige inmheánach a chur i bhfeidhm nó inar shainaithin sí easnaimh ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 101 de Threoir 2013/36/AE, malartóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin sin nó an comhalta sin den choláiste maoirseoirí an fhaisnéis seo a leanas láithreach, de réir mar is infheidhme, chun teacht ar an gcomhaontú comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790:

(a) measúnú ar éifeacht na n-easnamh a sainaithníodh agus aon saincheist neamhchomhlíontachta leis na ceanglais maidir le cineálacha cur chuige inmheánacha a úsáid agus ar ábharthacht na n-easnamh agus na saincheisteanna sin;

(b) measúnú ar an bplean arna chur i láthair ag máthairinstitiúid an Aontais nó ag aon institiúid atá bunaithe i mBallstát chun comhlíontacht a athbhunú leis na ceanglais maidir le cineálacha cur chuige inmheánacha a úsáid agus chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an amlíne chun an plean sin a chur chun feidhme;

(c) faisnéis maidir le rún mhaoirseora comhdhlúthacháin nó aon chomhalta ábhartha den choláiste maoirseoirí an cead chun na cineálacha cur chuige inmheánacha a úsáid a chúlghairm nó chun srian a chur le húsáid na gcineálacha cur chuige inmheánacha sin chuig limistéir chomhlíontacha nó chuig na limistéir sin inar féidir comhlíontacht a bhaint amach laistigh d'amlíne iomchuí nó chuig na limistéir sin nach ndéanann na heasnaimh a sainaithníodh difear dóibh;

(d) faisnéis maidir le haon cheanglas cistí dílse breise a mholtar, a fhorchuirtear de bhun Airteagal 104(1), pointe (d), de Threoir 2013/36/AE, mar bheart maoirseachta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna neamhchomhlíontachta nó ar na heasnaimh a sainaithníodh.

3. Déanfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí ábhartha an choláiste maoirseoirí dá dtagraítear i mír 1 faisnéis a mhalartú freisin maidir le síntí ar an gcead cineálacha cur chuige inmheánacha a úsáid nó athruithe ar na cineálacha cur chuige inmheánacha sin nach bhfuil ábhartha, dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/100 ón gCoimisiún ([14]).

4. Pléifear faisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus cuirfear san áireamh í agus an measúnú riosca grúpa á fhorbairt agus teacht ar chinneadh comhpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 113(1), pointe (a), de Threoir 2013/36/AE.

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/100 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonraítear próiseas an chinnidh chomhpháirtigh maidir le ceadanna stuamachta áirithe a chur i bhfeidhm de bhun Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 21, 28.1.2016, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/100/oj).

5. Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin údaráis inniúla na mBallstát óstach ina bhfuil brainsí suntasacha bunaithe ar an eolas faoin bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha do na húdaráis inniúla sin.

*Airteagal 12*

**Malartú faisnéise maidir le comharthaí luathrabhaidh, rioscaí agus leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann**

1. An maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí atá rannpháirteach i bhforbairt tuarascála measúnaithe riosca grúpa dá dtagraítear in Airteagal 113(2), pointe (a), de Threoir 2013/36/AE nó tuarascála measúnaithe riosca leachtachta grúpa dá dtagraítear in Airteagal 113(2), pointe (b), den Treoir sin chun cinntí comhpháirteacha a dhéanamh maidir le ceanglais stuamachta institiúidsonracha i gcomhréir leis an Airteagal sin, déanfaidh siad faisnéis chainníochtúil a mhalartú chun comharthaí luathrabhaidh, rioscaí agus leochaileachtaí féideartha a shainaithint agus chun rannchuidiú leis an tuarascáil measúnaithe riosca grúpa agus leis an tuarascáil measúnaithe riosca leachtachta grúpa. Chun na críche sin, tiocfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí ar chomhaontú maidir le liosta táscairí a mhalartófar go tráthrialta i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790.

2. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar an bhfaisnéis arna bailiú ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún ([15]). Cumhdófar leis an bhfaisnéis sin na grúpeintitis uile atá bunaithe i mBallstát, agus na réimsí seo a leanas ar a laghad:

(a) caipiteal agus giaráil;

(b) leachtacht;

(c) cáilíocht sócmhainní;

(d) cistiú;

(e) brabúsacht;

(f) riosca comhchruinnithe.

3. I dteannta na faisnéise dá dtagraítear i mír 1, sainaithneoidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí rioscaí agus leochaileachtaí don ghrúpa agus dá eintitis trí fhaisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil a mhalartú maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an timpeallacht mhaicreacnamaíoch ina n-oibríonn an grúpa institiúidí agus a ghrúpeintitis;

(b) forbairtí díobhálacha i margaí a d'fhéadfadh leachtacht mhargaidh agus cobhsaíocht an chórais airgeadais a chur i mbaol sna Ballstáit ina bhfuil eintitis grúpa nó brainsí suntasacha bunaithe agus a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar eintitis an ghrúpa nó ar a bhrainsí suntasacha.

4. I gcás ina sáraíonn grúpeintiteas ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Threoir 2013/36/AE dá dtagraítear in Airteagal 27(1) de Threoir 2014/59/AE nó, de bharr, *inter alia,* riocht airgeadais atá ag dul in olcas go tapa, gur dócha go sáróidh sé na ceanglais sin go luath amach anseo, cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí an fhaisnéis seo a leanas ar fáil dá chéile:

(a) cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le bearta luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm;

(b) cé acu a dhéantar nó a bheartaítear bearta luath-idirghabhála don ghrúpa nó d'aon cheann de na grúpeintitis i gcomhréir le hAirteagail 27 agus 30 de Threoir 2014/59/AE;

(c) léiriú ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta luath-idirghabhála sin.

5. Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 in iúl d'údaráis inniúla na mBallstát óstach ina bhfuil brainsí suntasacha bunaithe, i gcás inarb ábhartha.

---

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2024 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún (IO L, 2024/3117, 27.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3117/oj).

*Airteagal 13*

**Malartú faisnéise maidir le neamhchomhlíonadh, smachtbhannaí agus bearta ceartaitheacha eile**

1. Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin faisnéis in iúl do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí maidir le haon staid inar chinn an maoirseoir comhdhlúthacháin go bhfuil máthairinstitiúid de chuid an Aontais, ar leibhéal aonair nó ar leibhéal comhdhlúite, faoina shainchúram maoirseachta:

(a) nár chomhlíon sé Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ná Treoir 2013/36/AE;

(b) tá sé faoi réir pionóis riaracháin nó bearta riaracháin eile a forchuireadh i gcomhréir le hAirteagail 64 go 67 de Threoir 2013/36/AE.

2. Cuirfidh comhaltaí an choláiste maoirseoirí faisnéis in iúl don mhaoirseoir comhdhlúthacháin maidir le haon staid inar chinn na comhaltaí sin maidir le hinstitiúid nó brainse atá faoina sainchúram maoirseachta:

(a) nár chomhlíon sé Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Treoir 2013/36/AE;

(b) tá sé faoi réir pionóis riaracháin nó bearta riaracháin eile a forchuireadh i gcomhréir le hAirteagail 64 go 67 de Threoir 2013/36/AE.

Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin an fhaisnéis ábhartha in iúl do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí a bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha dóibh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790.

3. Ar bhonn na faisnéise a mhalartaítear i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, pléifidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag saincheisteanna neamhchomhlíontachta agus smachtbhannaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ar na grúpeintitis lena mbaineann nó ar an ngrúpa ina iomláine.

*Airteagal 14*

**Malartú faisnéise chun measúnú a dhéanamh ar an bplean téarnaimh grúpa**

1. Malartóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí sin an choláiste maoirseoirí a ghlacann páirt sa phróiseas chun teacht ar chinneadh comhpháirteach maidir leis na hábhair dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Threoir 2014/59/AE gach faisnéis is gá.

2. Chun críocha mhír 1, cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin an plean téarnaimh grúpa ar fáil do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790.

3. Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin comhaltaí uile an choláiste maoirseoirí ar an eolas faoi thoradh an phróisis dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 15*

**Malartú faisnéise maidir le comhaontuithe i ndáil le tacaíocht airgeadais grúpa**

Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin comhaltaí uile an choláiste maoirseoirí ar an eolas faoi phríomhthéarmaí údaruithe comhaontuithe i ndáil le tacaíocht airgeadais grúpa arna ndeonú i gcomhréir le hAirteagal 20 de Threoir 2014/59/AE.

*Airteagal 16*

**Clár scrúdúcháin**

1. Chun clár scrúdúcháin an choláiste maoirseoirí a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 116(1), pointe (c), de Threoir 2013/36/AE, sainaithneoidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí na gníomhaíochtaí maoirseachta a bheidh le déanamh.

2. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad i gclár scrúdúcháin an choláiste maoirseoirí:

(a) réimsí na hoibre comhpháirtí a sainaithníodh de thoradh an mheasúnaithe riosca grúpa agus an mheasúnaithe riosca leachtachta grúpa agus na gcinntí comhpháirteacha maidir le ceanglais stuamachta institiúid-sonracha de bhun Airteagal 113 de Threoir 2013/36/AE nó de thoradh aon ghníomhaíocht eile a dhéanann an coláiste maoirseoirí, lena n-áirítear iarrachtaí chun éifeachtúlacht na maoirseachta a mhéadú trí dheireadh a chur le dúbailt neamhriachtanach ar cheanglais mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 116(1), pointe (d), den Treoir sin;

(b) cláir scrúdúcháin maoirseachta ábhartha an mhaoirseora comhdhlúthacháin agus chomhaltaí an choláiste maoirseoirí le haghaidh institiúidí agus brainsí atá bunaithe i mBallstát;

(c) na réimsí ar a ndírítear obair an choláiste maoirseoirí agus na gníomhaíochtaí maoirseachta atá beartaithe aige, lena n-áirítear measúnú ar chur chun feidhme bheartais an ghrúpa, gníomhaíochtaí lasmuigh den láthair atá beartaithe agus cigireachtaí ar an láthair dá dtagraítear in Airteagal 99(1), pointe (c), de Threoir 2013/36/AE;

(d) comhaltaí an choláiste maoirseoirí atá freagrach as tabhairt faoi na gníomhaíochtaí maoirseachta atá beartaithe;

(e) i gcás inarb ábhartha, leithdháileadh na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí maidir le cúraimí a chur ar iontaoibh agus freagrachtaí a tharmligean faoi seach;

(f) i gcás inarb infheidhme, breathnóirí an choláiste maoirseoirí i gcás ina bhfuil na breathnóirí sin rannpháirteach i ngníomhaíocht mhaoirseachta;

(g) na hamlínte a bhfuil coinne leo, i dtéarmaí uainithe agus faid araon, le haghaidh gach ceann de na gníomhaíochtaí maoirseachta atá beartaithe.

*Airteagal 17*

**Malartú faisnéise idir an maoirseoir comhdhlúthacháin agus breathnóirí an choláiste maoirseoirí**

1. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 12 go 18 ábhartha chun cúraimí na mbreathnóirí a chomhlíonadh, cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin an fhaisnéis sin in iúl do na breathnóirí ábhartha.

2. Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin an méid seo a leanas ar fáil don údarás réitigh ar ghrúpleibhéal:

(a) na cistí dílse a cheanglaítear de bhun Airteagal 104(1), pointe (a), de Threoir 2013/36/AE agus aon treoraíocht maidir le cistí dílse breise a chuirtear in iúl d'institiúidí i gcomhréir le hAirteagal 104b den Treoir sin;

(b) faisnéis ábhartha chun críocha Airteagail 12, 13, 16, 18, 25, 30, 45h, 91 agus 92 de Threoir 2014/59/AE;

(c) tráthchlár an chinnidh chomhpháirtigh maidir leis an athbhreithniú agus an measúnú ar an bplean téarnaimh grúpa i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 2014/59/AE, lena n-áirítear dáta don údarás réitigh ar ghrúpleibhéal chun a mholtaí, más ann dóibh, a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 6(4) den Treoir sin;

(d) tráthchlár na gcinntí comhpháirteacha maidir le ceanglais stuamachta institiúid-sonracha i gcomhréir le hAirteagal 113 de Threoir 2013/36/AE;

(e) faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 12(4) agus in Airteagal 15 den Rialachán seo.

*Airteagal 18*

**Teagmhas éifeachta díobhálaí ábhartha ar phróifíl riosca an ghrúpa nó a eintiteas**

1. Malartóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí ábhartha an choláiste maoirseoirí faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil maidir le haon teagmhas éifeachta díobhálaí ábhartha in institiúidí nó in eintitis eile de chuid grúpa a d'fhéadfadh difear tromchúiseach a dhéanamh do na hinstitiúidí dá dtagraítear in Airteagal 117(1), pointe (c), de Threoir 2013/36/AE.

2. I gcás teagmhas den sórt sin a bhfuil éifeacht dhíobhálach ábhartha aige ar phróifíl riosca an ghrúpa nó a institiúidí atá bunaithe i mBallstát atá tábhachtach i gcomhréir le hAirteagal 2(2) nó a bhrainsí suntasacha, déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar iarmhairtí teagmhais den sórt sin ar an ngrúpa agus ar a eintitis agus cinnfidh siad an méid seo a leanas:

(a) cineál agus déine an teagmhais;

(b) tionchar nó tionchar an teagmhais a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal cistí dílse agus leachtachta an ghrúpa nó a eintiteas atá ar fáil agus cé acu a leanann nó nach leanann an grúpa agus a eintitis de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Treoir 2013/36/AE a chomhlíonadh i ndálaí díobhálacha maicreacnamaíocha, micreacnamaíocha agus geopholaitiúla;

(c) an cumas oibriú i gcás mórshuaitheadh gnó;

(d) riosca na tógálachta trasteorann agus an tionchar sistéamach a d'fhéadfadh a bheith ann.

3. Ar fhógra a fháil ó aon chomhalta den choláiste maoirseoirí faoi theagmhas éifeachta díobhálaí ábhartha ar an bpróifíl riosca, nó tar éis teagmhas den sórt sin a shainaithint, cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin comhaltaí an choláiste maoirseoirí a dhéanann maoirseacht ar ghrúpeintitis nó ar bhrainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh an teagmhas sin difear dóibh, agus ÚBE, ar an eolas. Cuirfear breathnóirí, go háirithe an t-údarás réitigh ar ghrúpleibhéal, ar an eolas má tá an fhaisnéis ábhartha chun a gcúraimí a chomhlíonadh.

4. Déanfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí a dhéanann maoirseacht ar ghrúpeintitis nó ar bhrainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh, an teagmhas éifeachta díobhálaí difear dóibh faireachán ar an staid agus tabharfaidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 cothrom le dáta, i gcás inarb infheidhme, láithreach nuair a bheidh faisnéis ábhartha nua ar fáil.

5. Bunaithe ar thoradh an mheasúnaithe ar an teagmhas éifeachta díobhálaí dá dtagraítear i mír 2 agus ar éabhlóid an teagmhais sin dá bhforáiltear, féadfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí ábhartha an choláiste maoirseoirí forbairt freagartha maoirseachta comhordaithe a chomhordú.

Roinn 3

**Gníomhaíochtaí maoirseachta a phleanáil agus a chomhordú chun ullmhú le haghaidh staideanna éigeandála agus le linn staideanna éigeandála**

*Airteagal 19*

**Creat coláiste le haghaidh staideanna éigeandála**

1. Bunóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí creat coláiste in oirchill staideanna éigeandála a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 112(1), pointe (c), de Threoir 2013/36/AE ('creat coláiste le haghaidh staideanna éigeandála'), agus gnéithe sonracha agus struchtúr an ghrúpa institiúidí á gcur san áireamh.

2. Áireofar an méid seo a leanas sa chreat coláiste le haghaidh staideanna éigeandála:

(a) na nósanna imeachta atá sonrach don choláiste a mbeidh feidhm acu i gcás ina dtarlóidh staid éigeandála dá dtagraítear in Airteagal 114(1) de Threoir 2013/36/AE;

(b) an t-íosmhéid faisnéise atá le malartú i gcás staid éigeandála dá dtagraítear in Airteagal 114(1) de Threoir 2013/36/AE.

3. Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis íosta dá dtagraítear i mír 2, pointe (b):

(a) achoimre ar an staid éigeandála, lena n-áirítear an bhunchúis leis an staid éigeandála, agus an tionchar a mheastar a bheidh ag an staid éigeandála ar ghrúpeintitis agus ar an ngrúpa ina iomláine, ar leachtacht an mhargaidh agus ar chobhsaíocht an chórais airgeadais;

(b) míniú ar na bearta agus gníomhaíochtaí a rinne nó a bheartaíonn maoirseoir comhdhlúthaithe nó aon chomhalta den choláiste maoirseoirí nó grúpeintitis iad féin mar fhreagairt ar an staid éigeandála;

(c) an fhaisnéis chainníochtúil is déanaí dá bhfuil ar fáil maidir le suíomh leachtachta agus caipitil na ngrúpeintiteas a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh an staid éigeandála difear dóibh ar bhonn aonair agus comhdhlúite.

*Airteagal 20*

**Malartú faisnéise le linn staid éigeandála**

1. Malartóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí gach faisnéis is gá chun feidhmiú na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 114(1) de Threoir 2013/36/AE a éascú, faoi réir na gceanglas rúndachta a leagtar síos i Roinn II de Chaibidil 1 de Theideal VII den Treoir sin, agus i gcás inarb infheidhme, in Airteagail 76 agus 81 agus de Threoir 2014/65/AE.

2. Nuair a thugann aon chomhalta nó breathnóir sa choláiste maoirseoirí foláireamh do mhaoirseoir an ghrúpa, nó tar éis dó staid éigeandála a shainaithint, déanfaidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 19(2), pointe (b), ag cloí leis na nósanna imeachta a leagtar síos i gcomhréir le pointe (a) den mhír sin, a chur in iúl, do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí a mhaoirsíonn grúpeintitis nó brainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh, an staid éigeandála difear dóibh, agus do ÚBE.

3. De réir cineáil, géire, an tionchair shistéamaigh a d'fhéadfadh a bheith ann nó tionchar eile, agus ar dhóchúlacht na tógálachta sa chás éigeandála, féadfaidh comhaltaí an choláiste maoirseoirí a mhaoirsíonn grúpeintitis nó brainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh, an staid éigeandála sin difear dóibh agus an maoirseoir comhdhlúthacháin faisnéis bhreise a mhalartú.

4. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 ábhartha chun cúraimí na mbreathnóirí a chomhlíonadh, agus go háirithe cúraimí an údaráis réitigh ar ghrúpleibhéal, cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthacháin an fhaisnéis sin in iúl do na breathnóirí sin.

5. Agus freagairt á tabhairt ar staid éigeandála dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790, féachfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin chuige go mbeidh an t-údarás réitigh ar ghrúpleibhéal rannpháirteach gan moill mhíchuí agus roinnfidh sé ionchur a fuarthas ón údarás sin le comhaltaí an choláiste maoirseoirí.

*Airteagal 21*

**An measúnú maoirseachta ar staid éigeandála a chomhordú**

1. I gcás ina dtarlaíonn staid éigeandála, comhordóidh agus ullmhóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin an measúnú ar an staid éigeandála ('measúnú maoirseachta comhordaithe') i gcomhar le comhaltaí an choláiste maoirseoirí a mhaoirsíonn grúpeintitis nó brainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh an staid éigeandála sin difear dóibh.

2. An measúnú maoirseachta comhordaithe ar an staid éigeandála, arna dhéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 15 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790, cumhdófar an méid seo a leanas ann:

(a) cineál agus géire na staide éigeandála;

(b) tionchar nó tionchar na staide éigeandála a d'fhéadfadh a bheith ar an ngrúpa ina iomláine agus ar aon cheann dá ghrúpeintitis a ndéantar, nó ar dóchúil go ndéanfar difear dóibh;

(c) riosca na tógálachta trasteorann.

3. Chun críocha mhír 2, pointe (c), breithneoidh an maoirseoir comhdhlúthacháin na hiarmhairtí sistéamacha a d'fhéadfadh a bheith ann in aon cheann de na Ballstáit ina bhfuil eintitis an ghrúpa nó brainsí suntasacha bunaithe.

*Airteagal 22*

**Comhordú na freagartha maoirseachta ar staid éigeandála**

1. I staid éigeandála, comhordóidh an maoirseoir comhdhlúthacháin forbairt freagartha maoirseachta ar an staid éigeandála ('freagairt mhaoirseachta chomhordaithe') i gcomhar le comhaltaí an choláiste maoirseoirí a mhaoirsíonn grúpeintitis nó brainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh an staid éigeandála sin difear dóibh.

2. Beidh an fhreagairt mhaoirseachta chomhordaithe bunaithe ar an measúnú maoirseachta comhordaithe dá dtagraítear in Airteagal 21 agus sonrófar inti na gníomhaíochtaí maoirseachta is gá, raon feidhme na ngníomhaíochtaí sin agus an tráthchlár lena gcur chun feidhme.

3. Cuirfear san áireamh sa fhreagairt mhaoirseachta chomhordaithe aon ionchur arna sholáthar ag an údarás réitigh ar ghrúpleibhéal.

*Airteagal 23*

**Faireachán ar chur chun feidhme na freagartha maoirseachta comhordaithe ar staid éigeandála**

1. Déanfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí a mhaoirsíonn grúpeintitis nó brainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh an staid éigeandála difear dóibh faireachán ar chur chun feidhme na freagartha maoirseachta comhordaithe dá dtagraítear in Airteagal 22 agus malartóidh siad faisnéis maidir lena cur chun feidhme.

2. Áireofar ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 faisnéis a bheidh tugtha cothrom le dáta faoi chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí comhaontaithe laistigh den tráthchlár atá beartaithe, dá dtagraítear in Airteagal 22(2), agus faoin ngá atá leis na gníomhaíochtaí sin a thabhairt cothrom le dáta nó a choigeartú.

*Airteagal 24*

**Comhordú na cumarsáide seachtraí i staid éigeandála**

1. Déanfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí atá freagrach as maoirseacht grúpeintiteas nó brainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh, an staid éigeandála difear dóibh a gcumarsáid sheachtrach a chomhordú a mhéid agus is féidir.

2. Chun críocha mhír 1, tiocfaidh an maoirseoir comhdhlúthacháin agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí ar chomhaontú maidir leis na gnéithe seo a leanas:

(a) freagrachtaí a leithdháileadh chun cumarsáid sheachtrach a chomhordú ag na céimeanna éagsúla den staid éigeandála;

(b) an leibhéal faisnéise atá le nochtadh ag cur san áireamh an gá atá le muinín an mhargaidh a choinneáil agus aon oibleagáid bhreise eile maidir le nochtadh i gcás ina ndéantar ionstraimí airgeadais arna n-eisiúint ag grúpeintitis a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh an staid éigeandála difear dóibh a thrádáil go poiblí i margadh rialáilte amháin nó níos mó san Aontas;

(c) comhordú ráiteas poiblí, lena n-áirítear na ráitis nach ndéanann ach comhalta amháin den choláiste maoirseoirí, go háirithe i gcás inar dócha go mbeidh iarmhairtí ag na ráitis phoiblí sin do ghrúpeintitis nó do bhrainsí suntasacha a ndéanann comhaltaí eile den choláiste maoirseoirí maoirseacht orthu;

(d) leithdháileadh freagrachtaí agus uainiú iomchuí chun teagmháil a dhéanamh le grúpeintitis;

(e) leithdháileadh na bhfreagrachtaí agus na ngníomhaíochtaí atá le déanamh chun na gníomhaíochtaí comhordaithe a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar an staid éigeandála a chur in iúl go seachtrach;

(f) tuairisc ar an gcomhordú a d'fhéadfaí a dhéanamh le grúpa nó coláiste eile a d'fhéadfadh a bheith bainteach le déileáil le staid éigeandála a dhéanann difear don ghrúpa, lena n-áirítear grúpa bainistithe géarchéime nó coláiste réitigh.

CAIBIDIL 3

**FEIDHMIÚ COLÁISTÍ MAOIRSEOIRÍ DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 51(3) DE THREOIR 2013/36/AE**

## Roinn 1

## Bunú agus feidhmiú coláistí maoirseoirí

*Airteagal 25*

### Comhaltaí agus breathnóirí coláiste maoirseoirí

1. Tar éis mhapáil na hinstitiúide le brainsí i mBallstáit eile arna déanamh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 18 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790, iarrfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile ar na húdaráis seo a leanas a bheith ina gcomhaltaí den choláiste maoirseoirí:

(a) údaráis inniúla na mBallstát óstach ina bhfuil brainsí suntasacha bunaithe;

(b) bainc cheannais CEBC de chuid na mBallstát atá rannpháirteach, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, i maoirseacht stuamachta ar na brainsí suntasacha dá dtagraítear i bpointe (a), ach nach údaráis inniúla iad;

(c) ÚBE.

2. Iarrfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile ar na húdaráis seo a leanas a bheith ina mbreathnóirí ar an gcoláiste maoirseoirí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790:

(a) údaráis mhaoirseachta tríú tíortha ina n-údaraítear institiúidí nó brainsí a mheastar a bheith tábhachtach don ghrúpa, mar a leagtar amach in Airteagal 2(3), pointe (c), den Rialachán seo, ar choinníoll go bhfuil na húdaráis mhaoirseachta sin faoi réir na gceanglas rúndachta a leagtar síos in Airteagal 116 de Threoir 2013/36/AE;

(b) údarás réitigh an Bhallstáit baile;

(c) údarás AML/CFT an Bhallstáit baile;

(d) i gcás inar bunaíodh an dara máthairghnóthas idirmheánach de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 21b(3), an dara fomhír, de Threoir 2013/36/AE, maoirseoir comhdhlúthacháin, nó maoirseoir grúpa an dara coláiste maoirseoirí sin;

(e) i gcás ilchuideachta airgeadais, an comhordaitheoir dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Threoir 2002/87/CE, murab ionann é agus údarás inniúil an Bhallstáit baile.

3. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile iarraidh ar na húdaráis seo a leanas a bheith ina mbreathnóirí ar an gcoláiste maoirseoirí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790:

(a) údaráis inniúla na mBallstát óstach ina bhfuil brainsí neamhshuntasacha bunaithe;

(b) údaráis mhaoirseachta tríú tíortha, seachas na húdaráis dá dtagraítear i mír 2, pointe (a);

(c) na húdaráis phoiblí nó na comhlachtaí poiblí i mBallstát atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an institiúid nó ar a brainsí nó atá bainteach leis, ar choinníoll gur ghlac údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh chéanna le bheith ina chomhalta nó ina bhreathnóir den choláiste maoirseoirí, lena n-áirítear:

   (i) Údarás AML/CFT i mBallstát;

   (ii) údaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar mhargaí in ionstraimí airgeadais;

   (iii) na húdaráis atá freagrach as cosaint tomhaltóirí;

(d) údaráis réitigh na mBallstát óstach, ar choinníoll gur ghlac údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh chéanna le bheith ina chomhalta nó ina bhreathnóir den choláiste maoirseoirí.

*Airteagal 26*

**Cumarsáid maidir le bunú agus comhdhéanamh coláiste maoirseoirí**

Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile in iúl don institiúid bunú coláiste maoirseoirí, céannacht a chomhaltaí agus a bhreathnóirí, agus aon athrú ar chomhdhéanamh an choláiste sin.

*Airteagal 27*

**Socruithe scríofa maidir le comhordú agus comhar**

Beidh bunú agus feidhmiú coláistí maoirseoirí le haghaidh brainsí suntasacha dá dtagraítear in Airteagal 51(3) de Threoir 2013/36/AE bunaithe ar shocruithe comhordúcháin agus comhair i scríbhinn arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo.

*Airteagal 28*

**Rannpháirtíocht i gcruinnithe agus i ngníomhaíochtaí coláistí maoirseoirí**

1. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na húdaráis a ghlacfaidh páirt i gcruinniú nó i ngníomhaíocht de chuid an choláiste maoirseoirí i gcomhréir le hAirteagal 51(3) de Threoir 2013/36/AE, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an méid seo a leanas san áireamh:

(a) na hábhair a bheidh le plé, na gníomhaíochtaí a bheidh le breithniú, agus cuspóirí an chruinnithe nó na gníomhaíochta, go háirithe a mhéid a bhaineann lena n-ábharthacht do gach brainse agus do chomhlíonadh chúraimí na mbreathnóirí;

(b) tábhacht an bhrainse sa Bhallstát ina bhfuil an brainse sin bunaithe agus an tábhacht a bhaineann leis don institiúid.

2. Ní fhéadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile iarraidh ar bhreathnóirí an choláiste maoirseoirí féachaint ach amháin ar na míreanna sonracha sin ar an gclár oibre de chruinniú nó de ghníomhaíocht atá ábhartha chun cúraimí an bhreathnóra a chomhlíonadh.

3. Áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí agus an choláiste maoirseoirí, ar bhonn na n-ábhar a phléitear agus na gcuspóirí a shaothraítear, gurb iad na hionadaithe is iomchuí iad a bhíonn rannpháirteach sna cruinnithe nó gníomhaíochtaí de chuid an choláiste maoirseoirí. Beidh sé de chumhacht ag na hionadaithe sin a n-údaráis a thiomnú mar chomhaltaí den choláiste maoirseoirí, a mhéid is féidir, le haghaidh na gcinntí atá beartaithe do na cruinnithe nó do na gníomhaíochtaí.

4. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile, bunaithe ar thopaicí agus ar chuspóirí an chruinnithe nó na gníomhaíochta, iarraidh ar ionadaithe na hinstitiúide páirt a ghlacadh i gcruinnithe nó i ngníomhaíochtaí an choláiste maoirseoirí.

*Airteagal 29*

**Cumarsáid leis an institiúid agus lena brainsí**

Eagrófar an chumarsáid leis an institiúid agus lena brainsí i gcomhfhreagras le freagrachtaí maoirseachta údarás inniúil an Bhallstáit baile agus chomhaltaí an choláiste maoirseoirí mar a leagtar síos i dTeideal V, Caibidil 4, agus Teideal VII de Threoir 2013/36/AE.

Roinn 2

**Pleanáil agus comhordú gníomhaíochtaí maoirseachta i staideanna gnóthais leantaigh**

*Airteagal 30*

**Malartú faisnéise idir údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí**

1. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí gach faisnéis is gá a mhalartú chun an comhar faoi Airteagal 50 agus Airteagal 51(2) de Threoir 2013/36/AE a éascú.

2. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí gach faisnéis is gá a mhalartú chun an comhar dá dtagraítear in Airteagail 6, 7 agus 8 de Threoir 2014/59/AE a éascú.

3. Malartóidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 524/2014 ón gCoimisiún ([16]).

4. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 a mhalartú, cibé acu an ón institiúid, ó údarás inniúil, ó údarás maoirseachta nó ó aon fhoinse eile a fuarthas í. Beidh an fhaisnéis sin leordhóthanach, cruinn agus tráthúil.

*Airteagal 31*

**Malartú faisnéise idir údarás inniúil an Bhallstáit baile agus breathnóirí an choláiste maoirseoirí**

1. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 32 ábhartha maidir le comhlíonadh chúraimí na mbreathnóirí a leagtar amach i socruithe comhordúcháin agus comhair i scríbhinn an choláiste maoirseoirí, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an fhaisnéis sin in iúl do na breathnóirí ábhartha.

2. Malartóidh údarás réitigh an Bhallstáit baile agus údarás inniúil an Bhallstáit baile an fhaisnéis uile is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an coláiste maoirseoirí agus an coláiste réitigh a ról mar a leagtar amach in Airteagal 51(3) de Threoir 2013/36/AE agus in Airteagal 88 de Threoir 2014/59/AE, faoi seach.

3. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an méid seo a leanas ar fáil d'údarás réitigh an Bhallstáit baile:

(a) na cistí dílse a cheanglaítear de bhun Airteagal 104(1), pointe (a), de Threoir 2013/36/AE agus aon treoraíocht maidir le cistí dílse breise a chuirtear in iúl d'institiúidí i gcomhréir le hAirteagal 104b den Treoir sin;

(b) faisnéis ábhartha chun críocha Airteagail 12, 13, 16, 18, 25, 30, 45h, 91 agus 92 de Threoir 2014/59/AE;

(c) faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 32(3) den Rialachán seo.

([16]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 524/2014 ón gCoimisiún an 12 Márta 2014 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis a sholáthraíonn údaráis inniúla na mBallstát baile agus óstach dá chéile (IO L 148, 20.5.2014, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/524/oj).

*Airteagal 32*

**Malartú faisnéise maidir le toradh an athbhreithnithe agus na meastóireachta maoirseachta agus malartú faisnéise maidir le comharthaí luathrabhaidh, rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, agus leochaileachtaí**

1. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an méid seo a leanas in iúl do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5, Airteagail 7 go 13 agus Airteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 524/2014;

(b) luach chóimheas luamhánaithe an mháthaireintitis dá dtagraítear in Airteagal 429 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(c) na cistí dílse a cheanglaítear dá dtagraítear in Airteagal 104(1), pointe (a), de Threoir 2013/36/AE agus aon treoir maidir le cistí dílse breise i gcomhréir le hAirteagal 104b den Treoir sin mar thoradh ar an athbhreithniú agus meastóireacht mhaoirseachta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 97 den Treoir sin.

2. Chun rioscaí agus leochaileachtaí a shainaithint don institiúid agus dá brainsí suntasacha, malartóidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an timpeallacht mhaicreacnamaíoch ina n-oibríonn na hinstitiúidí agus a brainsí suntasacha;

(b) forbairtí díobhálacha i margaí a d'fhéadfadh leachtacht mhargaidh agus cobhsaíocht an chórais airgeadais a chur i mbaol sna Ballstáit ina bhfuil an institiúid nó a brainsí suntasacha bunaithe agus a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a imirt ar an institiúid agus ar a brainsí suntasacha.

3. I gcás ina sáróidh institiúid ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Threoir 2013/36/AE dá dtagraítear in Airteagal 27(1) de Threoir 2014/59/AE nó, de bharr, *inter alia*, riocht airgeadais atá ag dul in olcas go tapa, gur dócha go sáróidh sí iad go luath amach anseo, soláthróidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an fhaisnéis seo a leanas do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí:

(a) cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha chun bearta luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm;

(b) cé acu a dhéantar nó a bheartaítear bearta luath-idirghabhála i gcomhréir le hAirteagail 27 agus 30 de Threoir 2014/59/AE;

(c) léiriú ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta luath-idirghabhála sin.

*Airteagal 33*

**Malartú faisnéise chun measúnú a dhéanamh ar an bplean téarnaimh**

1. Rachaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile i gcomhairle le comhaltaí an choláiste maoirseoirí maidir leis an bplean téarnaimh i gcás inarb ábhartha don bhrainse suntasach lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Threoir 2014/59/AE.

2. Chun críocha mhír 1, soláthróidh údarás inniúil an Bhallstáit baile plean téarnaimh na hinstitiúide do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790.

3. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile comhaltaí uile an choláiste maoirseoirí ar an eolas faoi thoradh an chomhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 34*

**Clár scrúdúcháin**

1. Chun clár scrúdúcháin an choláiste maoirseoirí dá dtagraítear in Airteagal 99 de Threoir 2013/36/AE a ghlacadh, sainaithneoidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí na gníomhaíochtaí maoirseachta a bheidh le déanamh.

2. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad i gclár scrúdúcháin an choláiste maoirseoirí:

(a) réimsí na hoibre comhpháirtí a sainaithníodh de thoradh an athbhreithnithe agus na meastóireachta maoirseachta de bhun Airteagal 97 de Threoir 2013/36/AE nó de thoradh aon ghníomh eile a rinne an coláiste maoirseoirí;

(b) na réimsí ina ndírítear ar obair an choláiste maoirseoirí agus na gníomhaíochtaí maoirseachta atá beartaithe aige, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair atá beartaithe ar na brainsí suntasacha de bhun Airteagal 52(3) de Threoir 2013/36/AE;

(c) comhaltaí an choláiste maoirseoirí atá freagrach as tabhairt faoi na gníomhaíochtaí maoirseachta atá beartaithe;

(d) i gcás inarb ábhartha, leithdháileadh na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí maidir le cúraimí a chur ar iontaoibh agus freagrachtaí a tharmligean faoi seach;

(e) i gcás inarb infheidhme, breathnóirí an choláiste maoirseoirí i gcás ina bhfuil na breathnóirí sin rannpháirteach i ngníomhaíocht mhaoirseachta;

(f) na hamlínte a bhfuil coinne leo, i dtéarmaí uainithe agus faid araon, le haghaidh gach ceann de na gníomhaíochtaí maoirseachta atá beartaithe.

3. Agus clár scrúdúcháin an choláiste maoirseoirí á bhunú agus á thabhairt cothrom le dáta acu, malartóidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí tuairimí maidir leis an bhféidearthacht cúraimí a chur ar iontaoibh agus freagrachtaí a tharmligean. Ar an mbonn sin, breithneoidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí comhaontú a thabhairt i gcrích, ar bhonn deonach, maidir le cúraimí a chur ar iontaoibh, lena n-áirítear aon tarmligean freagrachtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, de bhun Airteagal 116(1), pointe (b), de Threoir 2013/36/AE, ar choinníoll go meastar go mbeidh maoirseacht níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ar an ngrúpa mar thoradh ar an gcur ar iontaoibh nó ar an tarmligean sin, go háirithe trí dhúbláil cheanglas maoirseachta nach bhfuil gá leo a bhaint, lena n-áirítear ceanglais i ndáil le hiarrataí ar fhaisnéis.

4. Tabharfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile fógra don institiúid lena mbaineann, agus don údarás inniúil a tharmligeann a chumhachtaí chuig an mbrainse lena mbaineann, faoi chomhaontú a thabhairt i gcrích maidir le cúraimí a chur ar iontaoibh nó freagrachtaí a tharmligean.

*Airteagal 35*

**Teagmhas éifeachta díobhálaí ábhartha ar phróifíl riosca na hinstitiúide nó a brainsí suntasacha**

1. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí ábhartha an choláiste maoirseoirí faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil a mhalartú maidir le haon teagmhas éifeachta ábhartha díobhálaí san institiúid nó ina brainsí suntasacha a d'fhéadfadh difear tromchúiseach a dhéanamh don institiúid dá dtagraítear in Airteagal 117(1), pointe (c), de Threoir 2013/36/AE.

2. I gcás teagmhas den sórt sin a bhfuil éifeacht dhíobhálach ábhartha aige ar phróifíl riosca na hinstitiúide nó a brainsí suntasacha atá bunaithe i mBallstát, déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar iarmhairtí teagmhais den sórt sin don institiúid agus ar a brainsí suntasacha agus cinnfidh siad an méid seo a leanas:

(a) cineál agus déine an teagmhais;

(b) tionchar nó an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an teagmhas ar leibhéal cistí dílse agus leachtachta na hinstitiúide agus a brainsí suntasacha atá ar fáil agus cé acu a leanann nó nach leanann an institiúid de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Treoir 2013/36/AE a chomhlíonadh i ndálaí díobhálacha maicreacnamaíocha, micreacnamaíocha agus geopholaitiúla;

(c) cumas na hinstitiúide agus a brainsí suntasacha oibriú i gcás mórshuaitheadh gnó;

(d) riosca na tógálachta trasteorann agus an tionchar sistéamach a d'fhéadfadh a bheith ann.

3. Tar éis d’aon chomhalta den choláiste maoirseoirí foláireamh a fháil faoi theagmhas éifeachta díobhálaí ábhartha ar an bpróifíl riosca, nó tar éis dó teagmhas den sórt sin a shainaithint, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile comhaltaí an choláiste maoirseoirí a mhaoirsíonn brainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh an teagmhas sin difear dóibh, agus ÚBE, ar an eolas. Cuirfear breathnóirí, go háirithe údarás réitigh an Bhallstáit baile, ar an eolas má tá an fhaisnéis ábhartha chun a gcúraimí a chomhlíonadh.

4. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí a mhaoirsíonn brainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh an teagmhas éifeachta díobhálaí difear dóibh faireachán ar an staid agus tabharfaidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 cothrom le dáta, i gcás inarb infheidhme, láithreach nuair a bheidh faisnéis ábhartha nua ar fáil.

5. Ar bhonn thoradh an mheasúnaithe ar an teagmhas éifeachta díobhálaí dá dtagraítear i mír 2 agus ar éabhlóid an teagmhais sin dá bhforáiltear, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí ábhartha an choláiste maoirseoirí forbairt freagartha maoirseachta comhordaithe a chomhordú.

## Roinn 3

## Gníomhaíochtaí maoirseachta a phleanáil agus a chomhordú chun ullmhú le haghaidh staideanna éigeandála agus le linn staideanna éigeandála agus forálacha críochnaitheacha

### *Airteagal 36*

### Creat coláiste le haghaidh staideanna éigeandála

1. Bunóidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí creat coláiste in oirchill staideanna éigeandála a d’fhéadfadh a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 112(1), pointe (c), de Threoir 2013/36/AE (‘creat coláiste le haghaidh staideanna éigeandála’).

2. Áireofar an méid seo a leanas sa chreat coláiste le haghaidh staideanna éigeandála:

(a) beidh feidhm ag na nósanna imeachta atá sonrach don choláiste i gcás staideanna éigeandála dá dtagraítear in Airteagal 114(1) de Threoir 2013/36/AE;

(b) an t-íosmhéid faisnéise a mhalartófar i gcás staid éigeandála dá dtagraítear in Airteagal 114(1) de Threoir 2013/36/AE.

3. Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis íosta dá dtagraítear i mír 2, pointe (b):

(a) achoimre ar an staid éigeandála, lena n-áirítear an bhunchúis leis an staid éigeandála, agus an tionchar a mheastar a bheidh ag an staid éigeandála ar an institiúid, ar leachtacht an mhargaidh agus ar chobhsaíocht an chórais airgeadais;

(b) míniú ar na bearta agus na gníomhaíochtaí atá déanta nó beartaithe ag údaráis inniúla an Bhallstáit baile nó ag aon duine de chomhaltaí an choláiste maoirseoirí nó ag an institiúid féin mar fhreagairt ar an staid éigeandála;

(c) an fhaisnéis chainníochtúil is déanaí atá ar fáil maidir le suíomh leachtachta agus caipitil na hinstitiúide.

### *Airteagal 37*

### Malartú faisnéise le linn staid éigeandála

1. Malartóidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí gach faisnéis is gá chun feidhmiú na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 114(1) de Threoir 2013/36/AE a éascú, faoi réir na gceanglas rúndachta a leagtar síos i Roinn II de Chaibidil 1 de Theideal VII den Treoir sin, agus i gcás inarb infheidhme, in Airteagail 76 agus 81 de Threoir 2014/65/AE.

2. Nuair a thugann aon chomhalta nó breathnóir sa choláiste foláireamh dó maidir le staid éigeandála, nó tar éis dó staid éigeandála a shainaithint, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 36(2), pointe (b), ag cloí leis na nósanna imeachta a leagtar síos i gcomhréir le pointe (a) den mhír sin, in iúl do chomhaltaí an choláiste maoirseoirí a mhaoirsíonn brainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh an staid éigeandála difear dóibh, agus do ÚBE.

3. De réir cineáil, géire, an tionchair shistéamaigh a d'fhéadfadh a bheith ann nó tionchar eile, agus ar dhóchúlacht na tógálachta sa staid éigeandála, féadfaidh comhaltaí an choláiste maoirseoirí a mhaoirsíonn brainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh, an staid éigeandála sin difear dóibh agus údarás inniúil an Bhallstáit baile faisnéis bhreise a mhalartú.

4. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 ábhartha maidir le comhlíonadh chúraimí na mbreathnóirí, agus go háirithe maidir le comhlíonadh údarás réitigh an Bhallstáit baile, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an fhaisnéis sin in iúl do na breathnóirí sin.

5. Le linn d'údarás inniúil an Bhallstáit baile freagairt a thabhairt ar staid éigeandála dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/790, féachfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile go mbeidh údarás réitigh an Bhallstáit baile rannpháirteach gan moill mhíchuí agus roinnfidh sé ionchur ón údarás sin le comhaltaí an choláiste maoirseachta.

*Airteagal 38*

**An measúnú maoirseachta ar staid éigeandála a chomhordú**

1. I gcás staid éigeandála, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an measúnú ar an staid éigeandála ('measúnú maoirseachta comhordaithe') a chomhordú agus a ullmhú i gcomhar le comhaltaí an choláiste maoirseoirí de bhun Airteagal 112(3) de Threoir 2013/36/AE.

2. Cumhdófar an méid seo a leanas sa mheasúnú maoirseachta comhordaithe ar an staid éigeandála:

(a) cineál agus géire na staide éigeandála;

(b) tionchar nó an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an staid éigeandála ar an institiúid agus ar aon cheann dá brainsí a ndéantar, nó ar dóchúil go ndéanfar difear dóibh;

(c) riosca na tógálachta trasteorann.

3. Chun críocha mhír 2, pointe (c), breithneoidh údarás inniúil an Bhallstáit baile na hiarmhairtí sistéamacha a d'fhéadfadh a bheith ann in aon cheann de na Ballstáit ina bhfuil brainsí suntasacha bunaithe.

*Airteagal 39*

**Comhordú na freagartha maoirseachta ar staid éigeandála**

1. I gcás ina dtarlóidh staid éigeandála, comhordóidh údarás inniúil an Bhallstáit baile forbairt freagartha maoirseachta ar an staid éigeandála ('freagairt mhaoirseachta chomhordaithe') i gcomhar le comhaltaí an choláiste maoirseoirí de bhun Airteagal 112(3) de Threoir 2013/36/AE.

2. Beidh an fhreagairt mhaoirseachta chomhordaithe bunaithe ar an measúnú maoirseachta comhordaithe dá dtagraítear in Airteagal 38 agus sonrófar inti na gníomhaíochtaí maoirseachta is gá, a raon feidhme agus tráthchlár a gcur chun feidhme.

3. Is iad údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí a mhaoirsíonn brainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh an staid éigeandála difear dóibh. Cuirfear san áireamh sa fhreagairt mhaoirseachta chomhordaithe ionchur ón gcoláiste réitigh is ábhartha chun an staid éigeandála don institiúid a bhainistiú, ionchur arna sholáthar ag údarás réitigh an Bhallstáit baile.

*Airteagal 40*

**Faireachán ar chur chun feidhme na freagartha maoirseachta comhordaithe ar staid éigeandála**

1. Údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí a mhaoirsíonn brainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh an staid éigeandála difear dóibh, déanfaidh siad faireachán ar chur chun feidhme na freagartha maoirseachta comhordaithe dá dtagraítear in Airteagal 39 agus malartóidh siad faisnéis ina leith.

2. Áireofar leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 faisnéis a bheidh tugtha cothrom le dáta faoi chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí comhaontaithe laistigh den tráthchlár atá beartaithe, dá dtagraítear in Airteagal 39(2), agus faoin ngá atá leis na gníomhaíochtaí sin a thabhairt cothrom le dáta nó a choigeartú.

*Airteagal 41*

**Comhordú na cumarsáide seachtraí i staid éigeandála**

Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile agus comhaltaí an choláiste maoirseoirí a mhaoirsíonn brainsí suntasacha a ndéanann, nó ar dóchúil go ndéanfaidh staid éigeandála difear dóibh a gcumarsáid sheachtrach a chomhordú a mhéid is féidir, agus na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 24(2) á gcur san áireamh.

*Airteagal 42*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/98.

Déanfar tagairtí don Rialachán Tarmligthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá san Iarscríbhinn.

*Airteagal 43*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Aibreán 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**TÁBLA COMHGHAOIL**

| An Rialachán Tarmligthe seo | Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/98 |
|---|---|
| — | Airteagal 1 |
| Airteagal 1 (nua) | — |
| Airteagal 2 | Airteagal 2 |
| Airteagal 3 | Airteagal 3 |
| Airteagal 4 | Airteagal 4 |
| Airteagal 5 | Airteagal 5 |
| Airteagal 6 | Airteagal 6 |
| Airteagal 7 | Airteagal 7 |
| Airteagal 8 | Airteagal 8 |
| Airteagal 9 | Airteagal 9 |
| Airteagal 10 | Airteagal 10 |
| Airteagal 11 | Airteagal 11 |
| Airteagal 12 | Airteagal 12 |
| Airteagal 13 | Airteagal 13 |
| Airteagal 14 | Airteagal 14 |
| Airteagal 15 | Airteagal 15 |
| Airteagal 16 | Airteagal 16 |
| Airteagal 17 | — |
| Airteagal 18 | — |
| Airteagal 19 | Airteagal 17 |
| Airteagal 20 | Airteagal 18 |
| Airteagal 21 | Airteagal 19 |
| Airteagal 22 | Airteagal 20 |
| Airteagal 23 | Airteagal 21 |
| Airteagal 24 | Airteagal 22 |
| Airteagal 25 | Airteagal 23 |
| Airteagal 26 | Airteagal 24 |
| Airteagal 27 | Airteagal 25 |
| Airteagal 28 | Airteagal 26 |
| Airteagal 29 | Airteagal 27 |
| Airteagal 30 | Airteagal 28 |
| Airteagal 31 | Airteagal 29 |

| An Rialachán Tarmligthe seo | Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/98 |
|---|---|
| Airteagal 32 | — |
| Airteagal 33 | Airteagal 30 |
| Airteagal 34 | Airteagal 31 |
| Airteagal 35 | — |
| Airteagal 36 | Airteagal 32 |
| Airteagal 37 | Airteagal 33 |
| Airteagal 38 | Airteagal 34 |
| Airteagal 39 | Airteagal 35 |
| Airteagal 40 | Airteagal 36 |
| Airteagal 41 | Airteagal 37 |
| Airteagal 42 | — |
| Airteagal 43 | Airteagal 38 |